# COLÁISTE NAOMH FEICHÍN, CORR NA MÓNA

***Polasaí Teagmhas Criticiúil*** (Athbhreithnithe)

## Sainmhíniú

Aithníonn Coláiste Naomh Feichín teagmhas criticiúil mar "eachtra nó sraith imeachtaí a thagann sa mullach ar ghnáth chóipeáil meicníochta na scoile agus a chuireann isteach ar ghnáth imeachtaí scoile".

Is féidir le scoláirí, foireann an Choláiste, pobal an Choláiste nó pobal an cheantair a bheith bainteach le eachra chriticiúil.

## Ceangail le Misiún an Choláiste

Tá ceangal bunúsach ag an bPolasaí Eachtra Chriticiúil le misiún an Choláiste, ina ndéantar "gach dícheall timpeallacht shlán shábháilte a chruthú ina ndéantar oideachas a sholáthar ag díriú ar fhorbairt acadúil, shóisialta agus cultúrtha na scoláirí".

## Smaointeoireacht

Ag tógáil san áireamh go dtarlaíonn géarchéimeanna agus trámaí agus go mbeidh tacaíocht de dhíth ar bhaill de Phobal na Scoile nuair a tharlaíonn géarchéim nó tráma, déanfaidh údaráis na Scoile gach iarracht timpeallacht a chothú ina bhfuil luach ar dhaoine agus ina dtugtar tacaíocht dóibh.

Is é an t-ábhar is cúram d'údaráis na Scoile ná go bhfuil baill de Phobal na Scoile ullmhaithe do ghéarchéimeanna agus trámaí a d'fhéadfadh a bheith ann agus go dtugtar tacaíocht do dhaoine gach bealach agus is féidir agus géarchéim nó tráma ann.

Aithníonn údaráis na scoile nach féidir a bheith ullmhaithe go hiomlán leis an bpróiseas agus nós imeachta chun freagairt do ghéarchéimeanna, tragóidí agus teagmhais chriticiúla gan choinne toisc go bhfuil gach cás éagsúil.

Mar sin féin, tá sé beartaithe ag údaráis na scoile agus an doiciméad seo á chur i láthair d'aire gach duine atá mar chuid de Phobal na Scoile:

- go bhfuil na heilimintí ullmhachta atá i bhfeidhm feiliúnach i gcoitinne
- go mbeadh gach duine a oibríonn sa scoil ar an eolas faoin tsraith ghinearálta de fhreagairtí agus/nó nósanna imeachta atá leagtha amach
- go bhfuil aitheantas tugtha do ról na Scoile mar eilimint amháin a d'fhéadfadh freagairt do ghéarchéim
- go bhfuil aitheantas tugtha do ról na Scoile ó thaobh tacaíochta de agus, más cuí, a comhpháirtíocht le heagraíochtaí eile.

**Samplaí de Teagmhas Criticiúla:**

- Bás do bhall phobal an Choláiste nó ball clainne– bás tobann, timpiste, féin-mharú nó tinneas teirminéil
- Droch thimpiste nó tragóid ag baint le pobal an Choláiste
- Damáiste tromchúiseach don Choláiste, de bharr tine, tuilte, loitiméireacht, &rl.
- Ball do phobal an Choláiste atá ar iarraidh
- Foréigean tromchúiseach nó bagairt foréigin a chuireann isteach ar bhall nó ar bhaill de Phobal na Scoile
- Briseadh isteach ar an gColáiste
- neamhord struis iarthrámaigh.

Is féidir cur leis an liosta seo.

**Aidhm an Phlean**

Tá sé d'aidhm ag an bPlean cuidiú le foireann agus bainistíocht an Choláiste gníomhú go tapaidh agus go h-éifeachtúil le smacht a choinneáil ar an gcás idir lámha agus an Coláiste a choinneáil ag feidhmiú chomh normálta agus is féidir nuair a thárlaíonn eachtra chriticiúil.

Cuideoidh an Plean chomh maith leis an gColáiste filleadh ar ghnáthstaid chomh luath agus is féidir agus laghdú a dhéanamh ar an tionchar a bheidh ag an eachtra ar fhoireann agus scoláirí an Choláiste.

**Foireann Bainistíochta Teagmhas Criticiúil**

Tá foireann Freagartha Géarchéimeanna socruithe ina bhfuil na baill seo a leanas:

Príomhoide, Eibhlín Uí Mhainín, Máire Nic an Mháistir, Máire Ní Chathasaigh agus Ciarán Ó Loideáin. Beidh an fhoireann seo á roghnú ag tús an scoilbhliain. Foireann nua tofa Méan Fómhair 2019.

Déanfar athnuachan ar bhallraíocht na Foirne Freagartha Géarchéimeanna ag tús gach scoilbhliain agus cuirfear an bhallraíocht in iúl don fhoireann uile.

Ullmhóidh agus comhaontóidh an Fhoireann Freagartha Géarchéimeanna léargas ginearálta de Phlean um Fhreagairt do Ghéarchéim a bheidh mar phlean ginearálta.

Tiocfaidh an Fhoireann Freagartha Géarchéimeanna le chéile uair amháin sa bhliain ar a laghad le hathbhreithniú a dhéanamh ar ról na Foirne agus ar léargas ginearálta an Phlean um

Fhreagairt do Ghéarchéim. Beidh na cruinnithe faoi chathaoirleacht an Phríomhoide nó duine atá ainmnithe aici.

**Bainisteoir Foirne**

Gníomhóidh an Príomhoide mar Bhainisteoir Foirne, nó an Príomhoide Tánaisteach muna mbíonn sí/sé i láthair.

## Nósanna Imeachta i gCás Géarchéime

Nuair a chloistear faoin teagmhas, cuirfidh an Príomhoide é in iúl do Phríomhoifigeach an B. O. O. na Gaillimhe agus Ros Comáin agus do Chathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta, agus glaofar cruinniú den Fhoireann Freagartha Géarchéimeanna, chomh luath agus is féidir.

Cuirfidh an fhoireann seo, faoi threoir an Phríomhoide, na fíricí le chéile a bhaineann leis an gcás.

Seans go mbeidh gá le teagmháil a dhéanamh leis na Gardaí nó le foinsí eile faisnéise iontaofa ar nós na hospidéal nó na tuismitheoirí.

Ullmhóidh agus comhaontóidh baill na Foirne tuairisc i scríbhinn ina mbeidh mionsonraí ar na fíricí a bhaineann leis an gcás agus scaipfear í ar na páirtithe leasmhara uile chomh luath agus is féidir. Tá i gceist ag údaráis na Scoile go seachnófar ráflaí agus/nó tuairimíocht ina leithéid cásanna deacra.

Is í an Rúnaí a fhreagróidh gach glaoch gutháin.

Leagfaidh an Fhoireann Freagartha Géarchéimeanna plean nó clár amach le leanúint faoi na ceannteidil seo a leanas:

tacaíocht, sólás agus cuidiú a thabhairt do dhaoine atá curtha amach leis an gcás agus déileáil le toradh na géarchéime ar Phobal na Scoile. Déanfar an plean seo a dhréachtú go soiléir agus cuirfear gach duine atá bainteach leis ar an eolas faoi. Na dualgais a d'fhéadfadh a bheith ar bhaill na Foirne Freagartha Géarchéimeanna ná:

- Teagmháil a dhéanamh leis na tuismitheoirí/caomhnóirí nó daltaí ar leith,
- Cuairt a thabhairt ar bhaile/bhailte an duine/na ndaoine atá ag goilleadh
- Gníomhaireachtaí taobh amuigh a chur san airdeall,
- Na daltaí agus an fhoireann a chur ar an eolas,
- Cruinniú foirne agus tionóil daltaí agus foirne a eagrú,
- Ráiteas a chomhaontú do na meáin,
- Tascanna a chomhaontú do na baill foirne.
- Rannpháirtíocht na Scoile i searmanais a eagrú nó a reáchtáil.

Tabharfaidh baill na Foirne Freagartha Géarchéimeanna faoi na dualgais agus tascanna atá comhaontaithe, agus tiocfaidh siad le chéile go rialta le heolas a fháil agus le haghaidh nuashonrúcháin.

Beidh an Príomhoide i mbun na cumarsáide uile leis na meáin maidir leis an teagmhas.

Tuairisceoidh an Príomhoide chuig an lucht árachais de réir mar is cuí.

Leanfaidh an Fhoireann Freagartha Géarchéimeanna ag déanamh monatóireachta ar

fholláine na ndaltaí agus na foirne ar feadh tréimhse i ndiaidh na géarchéime. Leagfaidh an Fhoireann clár amach le hathbhreithniú a dhéanamh ar eispéireas iomlán an tráma nuair a bheidh sé feiliúnach.

### Ról na Foirne Freagartha Géarchéimeanna

#### I dtaca leis an bhfoireann

- Cuirfear in iúl d'Fhoireann na Scoile é a luaithe agus a dhearbhaítear agus a shoiléirítear na fíricí maidir leis an ábhar, agus nuair atá ráiteas comhaontaithe ag baill na Foirne.
- Más féidir, gheobhaidh baill foirne cóip den ráiteas comhaontaithe.
- Lorgófar tacaíocht, rannpháirtíocht agus comhoibriú na mball foirne, chun déileáil leis an ngéarchéim.
- Beidh an rogha ag baill foirne iad féin a shaoradh ó bheith rannpháirteach go díreach chun déileáil le teagmhais thrámacha.
- Cuirfear in iúl do bhaill foirne cad a bhfuiltear ag súil leis uathu i straitéis na Scoile chun déileáil leis an ngéarchéim.
- Cuirfear in iúl do na baill foirne faoi na seirbhísí tacaíochta atá ar fáil dóibh.
- Cinnteoidh an Fhoireann Freagartha Géarchéimeanna nach mbeidh múinteoirí fágtha ina n-aonar nó gan tacaíocht agus iad ag déileáil leis an ngéarchéim.

#### I dtaca leis na Daltaí

- Tabharfar tús áite dóibh siúd a mbaineann an ghéarchéim leo go díreach.
- Cuirfear na daltaí ar an eolas faoin ngéarchéim chomh luath agus is féidir.
- Cuirfear an t-eolas ar fáil go híogair agus go mothálach.
- Cuirfear an Leabharlann ar fáil agus is iad an Príomhoide, Eibhlín Uí Mhainín agus Máire Nic an Mháistir a bheidh ag coinneáil súil ghéar orthu siúd a mbaineann an ghéarchéim leo go díreach.
- Léireoidh na múinteoirí a mbuairt, agus dearbhóidh siad leis na daltaí go gcoinneofar ar an eolas iad, go mbeidh siad rannpháirteach agus go dtacófar leo mar bhaill de Phobal na Scoile.
- Chomh fada agus is féidir, cuirfidh an Príomhoide na daltaí uile ar an eolas ag an am céanna.

- Buailfidh na daltaí lena múinteoirí i ngrúpaí ranga nó, sa chás nach bhfuil sé sin indéanta, i mbliainghrúpaí ar leith. Tabharfaidh ball den Fhoireann Freagartha Géarchéimeanna cuairt ar gach grúpa, agus d'fhéadfadh sé/sí a bheith mar thacaíocht do na múinteoirí trí cheisteanna na ndaltaí a fhreagairt nó trí fhaoiseamh a thabhairt dóibh leis na buarthaí a bheadh acu.
- Cuirfear na daltaí ar an eolas maidir le pleananna na Scoile ó thaobh a rannpháirtíochta i seirbhísí nó i searmanais.
- Beidh an rogha ag na daltaí iad féin a shaoradh ó shearmanais ina bhféadfaidís a bheith trína chéile dá bharr.
- Iarrfar ar dhaltaí tacaíocht a thabhairt dá gcomhghleacaithe go mbaineann an ghéarchéim leo. B'fhéidir go dtabharfar spreagadh dóibh cárta a chur nó a bheith rannpháirteach i seirbhísí.
- Cuirfear na daltaí ar an eolas faoi na seirbhísí tacaíochta atá ar fáil dóibh agus faoin mbealach inar féidir leo tacaíocht a fháil dóibh féin nó do dhaoine eile.
- Déanfaidh na múinteoirí athbhreithniú ar fhíricí an cháis leis na daltaí chun beachtas a chinntiú.

*D'fhéadfadh athrú teacht ar na múinteoirí a bheidh freagrach as na tascanna seo ag tús na scoilbliana.*

**I dtaca leis na Tuismitheoirí/Caomhnóirí nó Gaolta**

- Leagfaidh an Fhoireann Freagartha Géarchéimeanna plean amach chun tuismitheoirí/ caomhnóirí nó gaolta a chur ar an eolas sa chás go mbíonn géarchéim ann ina bhfuil daltaí agus iad as baile rannpháirteach inti, agus aontófar freisin na tacaíochtaí ar féidir a chur ar fáil do na daoine go mbaineann an ghéarchéim leo. D'fhéadfaidh an Fhoireann cinneadh a dhéanamh, ag brath ar an gcineál géarchéime, go mbeidh gá teagmháil a dhéanamh go pearsanta, cé go mbeidh cásanna eile ann inar féidir an fhaisnéis a thabhairt thar an bhfón nó do ghrúpaí atá cruinnithe le chéile.
- Tabharfar tús áite dóibh siúd a mbaineann an ghéarchéim leo go díreach.
- Bainfidh gach ball úsáid as an ráiteas ullmhaithe céanna agus é á chur in iúl do na tuismitheoirí/caomhnóirí.
- Chomh fada agus is féidir, cuirfear gach tuismitheoir/caomhnóir ar an eolas ag an am céanna.

- Cuirfear an t-eolas ar fáil go híogair agus go mothálach.
- Gheobhaidh baill na Foirne amach má tá tuismitheoir/caomhnóir ina (h)aonar nó má tá sé/sí soghonta, agus molfaidh siad an tacaíocht chuí dó/di.
- Sa chás nach bhfuil an páiste tagtha abhaile go fóill, déanfaidh baill foirne iarracht cuidiú leis na tuismitheoirí/caomhnóirí chun déileáil go hiomchuí lena bpáiste nuair a fhilleann sé/sí abhaile.
- Cuirfear tuismitheoirí/caomhnóirí ar an eolas faoin tacaíocht atá ar fáil dóibh siúd agus dá bpáistí.
- Cuirfear tacaíocht phraiticiúil ar fáil ar nós iompair, línte cabhrach, uimhreacha fóin.
- Tabharfar ainmneacha beirt bhall foirne do na tuismitheoirí/caomhnóirí, (ball den Fhoireann Freagartha Géarchéimeanna agus múinteoir a bhfuil aithne acu air/ uirthi, más féidir) a bheidh ar fáil le glaochanna a ghlacadh agus chun éisteacht lena mbuarthaí maidir leis an ngéarchéim.
- Déanfaidh baill na Foirne athbhreithniú ar fhíricí an cháis leis an duine/na daoine a fhaigheann an nuacht chun beachtas a chinntiú.

## I dtaca le déileáil leis na Meáin

- Is í an Príomhoide a bheidh mar theagmhálaí na Scoile do na meáin. D'fhéadfaidh sí iarraidh ar bhall foirne eile cabhrú léi lena chinntiú go gcaitear leis na meáin go cúirtéiseach, agus nach sáraítear leasanna na scoile de bharr rannpháirtíocht na meán.
- Tuigtear gur daoine gairmiúla iad baill na meán a chuireann seirbhís ar fáil. Déanfar gach iarracht a chinntiú nach gcuirfidh an pháirt a ghlacann siad ag tuairisciú géarchéime le tráma lucht méala ná baill Pobail na Scoile atá trína chéile.
- Cuirfear faisnéis ar fáil do na meáin go híogair. Ní eiseofar ainmneacha, seoltaí ná uimhreacha teagmhála gan cead a fháil uathu siúd atá i gceist.
- Sa chás go bhfuil baill áirithe de na meáin ag iarraidh teacht chun na Scoile, socróidh an Scoil am do chruinniú leis na meáin, agus cuirfear seomra cruinnithe nó áit ar fáil dóibh. Ní bheidh fáil acu ar an Scoil ar fad.
- Ullmhófar ráitis leis na fíricí roimh ré le cur faoi bhráid na meán.
- Ní chuirfear tuairimíocht ná ráflaí i dtuairiscí chuig na meáin.

**Taifead**

Ní mór do gach ball don Fhoireann Bainistíochta cuntas scríofa a choinneáil ar ghlaochanna teileafóin, litreacha, chruinnithe, idirghabháil, &rl.

**Rúndacht**

Tuigeann bainistíocht an Choláiste a ndualgas maidir le príobháideachas agus deá-chleachtas agus beidh sé/sí san airdeal ar sin agus ráiteas poiblí á dhéanamh.

Chun meas agus rúndacht a léiriú, tá sé fíor-thábhachtach go dtuigfidh gach ball de phobal an Choláiste (scoláirí, múinteoirí agus baill eile d'fhoireann an Choláiste) nach bhfuil cead acu eolas faoi aon eachtra chriticiúil a thárla a luath ar aon shuíomh sóisialta na sna meáin ar chor ar bith.

Tá an Príomhoide mar bhainisteoir fóirne agus is é/í atá freagrach cumarsáid a dhéanamh le duine/daoine atá ceangailte go díreach nó go hindíreach le heachtra chriticiúil.

**Athbhreithniú**

Déanfar athbhreithniú ar an bPolasaí seo gach trí bliana nó níos luaithe más gá.

Faofa ag Bord Bainistíochta Choláiste Naomh Feichín ar

Sínithe: Tomas Ó Coisdealbha Dáta: 4/11/2019.
Cathaoirleach, Bord Bainistíocht

Sínithe: [signature] Dáta: 4/11/2019
Príomhoide/Rúnaí Bord Bainistíocht